# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN BOSCA CABAIREACHTA
# RANSÚ INTINNE

### Aidhm

Ransú intinne / réamhchleachtadh

Nuair atá topaic nua á cur i láthair bíonn sé cabhrach don mhúinteoir a fháil amach cén stór focal bainteach leis an topaic atá ar eolas ag na foghlaimeoirí cheana féin. Tá an bosca cabaireachta áisiúil chuige seo.

### Treoir

Iarr ar na foghlaimeoirí na focail ar fad atá ar eolas acu faoin topaic a scríobh sa bhosca cabaireachta, laistigh de theorainn ama (2-3 nóiméad). Sa tslí sin beidh liosta focal ar fáil sa bhosca do gach éinne agus is féidir iad a úsáid mar bhunús le gníomhaíochtaí.

### Forbairt / Nótaí

Cothaigh plé grúpa 3-4 nóiméad ar na focail – iarr ar na foghlaimeoirí cinn nach bhfuil cloiste acu cheana a phlé, cúpla ceann a chur in abairt nó foghraíocht a phlé, más gá. Is féidir ansin bogadh ar aghaidh chuig gníomhaíochtaí ina mbainfidh na foghlaimeoirí úsáid as na focail.